An Bille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2018
Údarás na Gaeltachta (Amendment) Bill 2018

Mar a tionscnaíodh

As initiated

[No. 53 of 2018]

ÚDARÁS NA GAELTACHTA (AMENDMENT) BILL 2018

As initiated

CONTENTS

Section
1. Interpretation
2. Amendment of section 6 of Principal Act
3. Amendment of section 29 of Principal Act
4. Amendment to First Schedule to Principal Act
5. Short title, collective citation and commencement

AN BILLE UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA (LEASÚ), 2018

Mar a tionscnaíodh

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Léiriú
2. Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
5. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

[Uimh. 53 de 2018]

Údarás na Gaeltachta Act 1979 (No. 5)

An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979 (Uimh. 5)

ÚDARÁS NA GAELTACHTA (AMENDMENT) BILL 2018

Bill

entitled

An Act to provide for democratic elections to Údarás na Gaeltachta and for related matters.

Be it enacted by the Oireachtas as follows:

Interpretation

1. In this Act—

"Minister" means the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht;

"Principal Act" means the Údarás na Gaeltachta Act 1979.

Amendment of section 6 of Principal Act

2. Section 6 of the Principal Act is hereby amended by the substitution of the following subsection for subsection (2):

"(2) An tÚdarás shall consist of a chairperson who shall be appointed by the Minister and 19 other members of whom 17 shall be persons elected in accordance with Part IV of this Act and 2 shall be appointed by the Minister.".

Amendment of section 29 of Principal Act

3. The Principal Act is hereby amended by the substitution of the following section for section 29:

"29. (1) Each of the following areas shall be a constituency for the purposes of this Part:

(a) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Donegal,

(b) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Mayo,

(c) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Galway,

AN BILLE UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA (LEASÚ), 2018

Bille

dá ngairtear

Acht do dhéanamh socrú maidir le toghcháin dhaonlathacha chun Údarás na Gaeltachta agus maidir le nithe gaolmhara.

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Léiriú

1. San Acht seo—

ciallaíonn "Aire" an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979.

Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear leis seo alt 6 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Is iad a bheidh ar an Údarás cathaoirleach, a gceapfaidh an tAire é nó í, agus 19 gcomhalta eile ar daoine a thoghfar de réir Chuid IV den Acht seo 17 gcomhalta díobh agus ar daoine a gceapfaidh an tAire iad 2 chomhalta díobh.".

Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht

3. Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 29:

"29. (1) Is toghlach chun críocha na Coda seo gach limistéar díobh seo a leanas:

(a) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae Dhún na nGall,

(b) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae Mhaigh Eo,

(c) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae na Gaillimhe,

(d) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Meath,

(e) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Kerry,

(f) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Cork, and

(g) the area comprising those parts of the Gaeltacht situated in the county of Waterford.

(2) In an election—

(a) the constituency specified in subsection (1)(a) shall return 4 persons,

(b) the constituency specified in subsection (1)(b) shall return 2 persons,

(c) the constituency specified in subsection (1)(c) shall return 6 persons,

(d) the constituency specified in subsection (1)(d) shall return 1 person,

(e) the constituency specified in subsection (1)(e) shall return 2 persons,

(f) the constituency specified in subsection (1)(f) shall return 1 person, and

(g) the constituency specified in subsection (1)(g) shall return 1 person.".

Amendment to First Schedule to Principal Act

4. The First Schedule to the Principal Act is amended—

(a) by the substitution of the following for paragraph 2:

"A member of an tÚdarás other than a member appointed in accordance with section 6(2)(a)(vi) shall, unless the member sooner dies, resigns, becomes disqualified or is removed from office, hold office for such period not exceeding five years.",

(b) by the deletion of paragraph 3.

Short title, collective citation and commencement

5. (1) This Act may be cited as the Údarás na Gaeltachta (Amendment) Act 2018.

(2) This Act shall come into operation on the date of its passing.

(3) This Act and the Údarás na Gaeltachta Act 1979 may be cited together as the Údarás na Gaeltachta Acts 1979 and 2018 and shall be construed together as one Act.

(d) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae na Mí,

(e) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae Chiarraí,

(f) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae Chorcaí, agus

(g) an limistéar arb é na codanna sin den Ghaeltacht é atá i gcontae Phort Láirge.

(2) I dtoghchán—

(a) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(a) 4 dhuine,

(b) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(b) 2 dhuine,

(c) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(c) 6 dhuine,

(d) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(d) duine amháin,

(e) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(e) 2 dhuine,

(f) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(f) 1 duine, agus

(g) toghfaidh an toghlach a shonraítear i bhfo-alt (1)(g) 1 duine.".

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

4. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 2:

"Beidh comhalta den Údarás, seachas comhalta a cheapfar de réir alt 6(2)(a)(vi), i seilbh oifige, mura túisce a éagfaidh an comhalta, a éireoidh sé nó sí as oifig, a thiocfaidh sé nó sí faoi dhícháilíocht nó a chuirfear as oifig é nó í, ar feadh cibé tréimhse nach faide ná cúig bliana.",

(b) trí mhír 3 a scriosadh.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

5. (1) Féadfar an tAcht um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2018 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh ar dháta a rite.

(3) Féadfar na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 agus 2018 a ghairm den Acht seo agus den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

Údarás na Gaeltachta (Amendment) Bill 2018

BILL

(as initiated)

entitled

An Act to provide for democratic elections to Údarás na Gaeltachta and for related matters.

Introduced by Deputies Peadar Tóibin, Dessie Ellis, Aengus Ó Snodaigh, Donnchadh Ó Laoghaire, Pearse Doherty,

29*th May,* 2018

An Bille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2018

BILLE

(mar a tionscnaíodh)

dá ngairtear

Acht do dhéanamh socrú maidir le toghcháin dhaonlathacha chun Údarás na Gaeltachta agus maidir le nithe gaolmhara.

Na Teachtaí Peadar Tóibín, Deasún Mac Eilis, Aengus Ó Snodaigh, Donnchadh Ó Laoghaire, Píaras Ó Dochartaigh a thug isteach,

29 *Bealtaine,* 2018